Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN TEASTAS SÓISEARACH 2010

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# BONNLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanach **5** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta faofa dóibh.

**CLUASTUISCINT** **(40marc)**

**N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.

**Treoracha**

**1.** Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

**2.** Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach pictiúr nó litir amháin a roghnú i ngach cás.

**3.** Glac le tic in aice nó ciorcal timpeall na litreach sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

## ROINN I – CLUASTUISCINT: 40 MARC

Tá **aon cheist déag** san áireamh anseo.

Tá 6 cheist san áireamh anseo.
Tá dhá fhocheist, (a) agus (b), le freagairt i gcás na gceisteanna (i), (iii), (iv), (v) agus (vi):
(4 + 3) x 5 = **35 mharc)**

I gcás ceiste (ii) tá pointe **amháin** eolais á lorg: **5 mharc.** **(35 mharc + 5 mharc = 40 marc)**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT: 120 MARC

**Ceist 1. (30 marc)** **5 mharc x 6 = 30 marc.**

---

**Ceist 2. (40 marc)**

Tá 6 cheist san áireamh anseo.
Ceisteanna (i) – (v): = (6 marc x 5 = 30 marc)
I gcás ceiste (vi) tá dhá phointe eolais á lorg: (5 + 5 = 10 marc) **(30 marc + 10 marc = 40 marc)**

---

**Ceist 3. (a) agus (b): 50 marc**

**(a) 11 + 7 + 7 = 25 mharc**
**(b) 11 + 7 + 7 = 25 mharc**
**25 + 25 = 50 marc**

---

## ROINN III – CEAPADÓIREACHT: 80 MARC

**Ceist 4. (25 mharc)**

**An Tasc – Cárta Poist a scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach:** **(8 marc)**

- Beannú **2 mharc**
- Síniú **2 mharc**
- Ainm agus sloinne an tseolaí **2 mharc**
- Seoladh **2 mharc**

**ii) Tagairtí:** **4** thagairt do théacs an phictiúir (2 mharc x 4 = 8 marc) **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**
**iv) Cumas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 4** **= 25 mharc**

**Ceist 5. (25 mharc)**

**An Tasc – Teachtaireacht Ríomhphoist a Scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An Cuireadh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil an cuireadh ann bronntar an **7 marc**.
- Muna bhfuil sé soiléir bronn dais/fleiscín/stríoc.

**ii) Tagairtí**: (3 thagairt ag teastáil; 3 mharc x 3 = 9 marc) **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** **= 4 mharc**

**iv) Cumas Gaeilge:** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 5** **= 25 mharc**

**Ceist 6. (a) *nó* (b): 30 marc**

(a) **An Tasc – Alt a Scríobh**

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt ag teastáil: 5 mharc x 4 ) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide:** **= 5 mharc**

**iii) Cumas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 6 (a)** **= 30 marc**

***NÓ***

(b) **An Tasc – An Fhoirm Iarratais a chomhlánú**

Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An t-Eolas Cuí** **(7 x 2 mharc + 11 x 1 mharc)** **= 25 mharc**

**ii) Cumas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 6 (b)** **= 30 marc**

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

Cuirtear scéim mhodhnaithei bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinnis sa ghramadach' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di, iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.

Ní mór an scéim mhodhnaithe seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceisteanna 4, 5 agus 6**

**Gaeilge: 5 mharc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

1 → **2**.  2 / 3 → **4**.  4 / 5→ **5**.

**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ [ ]

**Móriomlán na Marcanna** **240**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2010**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**(240 marc)**

**DÉARDAOIN, 10 MEITHEAMH – MAIDIN 11.45 go dtí 1.45**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | **200** |
| **Nóta**: ☞ Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

ROINN I CLUASTUISCINT

| **CEIST** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **MARC** | **7** | **5** | **7** | **7** | **7** | **7** |

☞


DON SCRÚDAITHEOIR

| | CEIST | MARC |
|---|---|---|
| ROINN II | 1 | **30** |
| | 2 | **40** |
| | 3 | **50** |
| ROINN III | 4 | **25** |
| | 5 | **25** |
| | 6 | **30** |
| | IOMLÁN ☞ | **200** |
| | CLUASTUISCINT ☞ | **40** |
| | **MÓRIOMLÁN** ☞ | **240** |
| | GRÁD ☞ | **A** |

| ROINN I | CLUASTUISCINT | (40 marc) |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Chluastuiscint ar an dlúthdhiosca.
Cuir tic **(✓)** leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá bhfuil Colm ag obair?




| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | √ |


**4 mharc**

**Ceist 1 (b)** Cén lá a bhíonn saor aige?

| | |
|---|---|
| An Luan | |
| An Satharn | |
| **An Domhnach** | √ |

**3 mharc**


**Ceist 2** Cá bhfuil an fear ag dul?





| | | | |
|---|---|---|---|
| √ | | | |

**5 mharc**

**Ceist 3 (a)** Cén sórt aimsire a bheidh ann inniu?





| | | |
|---|---|---|
| | √ | |




**4 mharc**

**Ceist 3 (b)** Cén sórt aimsire a bheidh ann amárach?

| | |
|---|---|
| Gaofar | |
| **Tréimhsí gréine** | √ |
| Fliuch | |

**3 mharc**

**Ceist 4 (a)** Cad a bhí ar siúl sa scoil i rith Sheachtain na Gaeilge?

| | | |
|---|---|---|
| √ | | |

**4 mharc**

**Ceist 4 (b)** Cé a ghlaoigh amach na ceisteanna?

| | |
|---|---|
| Na daltaí | |
| **An múinteoir Gaeilge** | √ |
| An príomhoide | |

**3 mharc**

**Ceist 5 (a)** Cá raibh Brenda ar feadh seachtaine?

| | |
|---|---|
| San ospidéal | |
| Sa scoil | |
| **Sa bhaile** | √ |

**4 mharc**

**Ceist 5 (b)** Cé a chuir glaoch ar an dochtúir?

| | |
|---|---|
| **A máthair** | √ |
| Dónall | |
| A cara | |

**3 mharc**

**Ceist 6 (a)** Cá raibh Seán?

| | |
|---|---|
| Sa seomra ranga | |
| Sa chlós | |
| **Sa halla** | √ |

**4 mharc**

**Ceist 6 (b)** Cad a bhí ina láimh aige?

| | |
|---|---|
| **Fón póca** | √ |
| Leabhar scoile | |
| Liathróid peile | |

**3 mharc**


**CLUASTUISCINT**
**IOMLÁN = 40 MARC**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | (120 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**


**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(30 marc)**

(a) Aire! Daoine ag obair.
(b) Ná cas ar dheis.
(c) Ar iarraidh – Madra.
(d) Stáisiún Dóiteáin.
(e) Scoil dúnta de bharr an fhliú muice.
(f) Carrchlós – spásanna ar fáil.




**5 mharc**

**Ná cas ar dheis.**




**5 mharc**

**Carrchlós – spásanna ar fáil.**





**5 mharc**

**Aire! Daoine ag obair**




**5 mharc**

**Scoil dúnta de bharr an fhliú muice.**



**5 mharc**

**Ar iarraidh – Madra.**



**5 mharc**

**Stáisiún Dóiteáin.**



| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 30 |
|---|---|

**CEIST 2**. Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

## Scoil na mBráithre
## Luimneach
## Dé hAoine, 14 Bealtaine 2010
## Turas Lae go dtí an Daingean

| | |
|---|---|
| 8.15 a.m. | Teacht le chéile i gclós na scoile. |
| 8.30 a.m. | Turas bus go dtí an Daingean. |
| 10.30 a.m. | Cuairt ar Oceanworld – Cead isteach €5.00. |
| 12.45 p.m. | Lón i mBialann na Mara. |
| 1.45 p.m. | Turas báid chun Funghi a fheiceáil. |
| 3.30 p.m. | Filleadh ar an Daingean. |
| 3.45 p.m. | Siúlóid ar an trá. |
| 4.40 p.m. | Scannán i bpictiúrlann Cineplex. |
| 6.00 p.m. | Tae in Eddie Rockets. |
| 6.45 p.m. | Bus abhaile go Luimneach. |

Ticéid – €25 – ar fáil ó oifig na scoile – roimh 10 Bealtaine.

**Ceisteanna**:

**1.** Cá bhfuil Scoil na mBráithre?

| | |
|---|---|
| I Luimneach | √ |
| In Oceanworld | |
| Sa Daingean | |

6 mharc

**2.** Conas a rachaidh siad go dtí an Daingean?

| | |
|---|---|
| Ar an mbus | √ |
| Ar an mbád | |
| Ar an traein | |

6 mharc

**3.** Cá mbeidh an lón acu?

| | |
|---|---|
| I mBialann na Mara | √ |
| In Oceanworld | |
| In Eddie Rockets | |

6 mharc

**4.** Cén t-am a rachaidh siad chun Funghi a fheiceáil?

| | |
|---|---|
| 1.45 p.m. | √ |
| 3.30 p.m. | |
| 12.45 p.m. | |

6 mharc

**5.** Cé mhéad atá ar thicéid?

| | |
|---|---|
| €5.00 | |
| €25.00 | √ |
| €10.00 | |

6 mharc

**6.** Luaigh **dhá** rud a dhéanfaidh siad **tar éis** an lóin. 5 + 5 =10 marc
Luaigh dhá cheann díobh seo a leanas:

- Turas báid chun Funghi a fheiceáil.
- Filleadh ar an Daingean.
- Siúlóid ar an trá.
- Scannáni bpictiúrlann Cineplex.
- Tae in Eddie Rockets.
- Bus abhaile go Luimneach.



| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 30 + 40 | = | 70 |
|---|---|---|---|

**CEIST 3**. Freagair (a) *agus* (b). **(50 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

**(a)**


## Ronaldo in Éirinn

**(25 mharc)**

Rugadh Cristiano Ronaldo dos Santos Aveiro ar an 5 Feabhra 1985 in Madeira sa Phortaingéil. Thosaigh sé ag imirt sacair leis an gclub áitiúil nuair a bhí sé ocht mbliana d'aois.

Bhí sé ag imirt le Manchester United ó 2003 go dtí 2009. Sa bhliain sin, i mí Meithimh, cheannaigh Real Madrid é ar phraghas an-ard – €90 milliún.

Tháinig sé go hÉirinn le Real Madrid i mí Iúil 2009. D'imir siad cluiche i gcoinne Shamrock Rovers i dTamhlacht ar an 20 Iúil. Bhí an staid plódaithe le daoine an oíche sin mar theastaigh ó gach aon duine Ronaldo a fheiceáil ag imirt. Ní raibh aon scór sa chluiche ar feadh tamaill fhada ach ansin fuair Real Madrid cúl agus bhuaigh siad an cluiche. Bhain gach aon duine taitneamh as an oíche.



**Cristiano Ronaldo**

**1.** Cár rugadh Cristiano Ronaldo?

- Rugadh Cristiano Ronaldo dos Santos Aveiro ar an 5 Feabhra 1985 in Madeira sa Phortaingéil.
- In Madeira sa Phortaingéil. **11 mharc**

**2.** Cathain a tháinig Ronaldo go hÉirinn?

| | |
|---|---|
| 2003 | |
| 2009 | √ |
| 2008 | |

**7 marc**

**3.** Cé a bhuaigh an cluiche i dTamhlacht?

| | |
|---|---|
| Shamrock Rovers | |
| Real Madrid | √ |
| Manchester United | |

**7 marc**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | **70** + **50** | = | **120** |
|---|---|---|---|

## (b) Saoirse Ronan (25 mharc)

Rugadh Saoirse Ronan i Meiriceá ar an 12 Aibreán 1994. Tháinig sí go hÉirinn lena tuismitheoirí nuair a bhí sí trí bliana d'aois.

Tá sí ina cónaí i gCeatharlach anois. Aisteoir is ea a hathair. Pól is ainm dó. Monica is ainm dá máthair. Níl aon deartháir ná deirfiúr aici ach tá peata madra aici. Sassy is ainm dó.

Ghlac sí páirt Briony Tallis sa scannán *Atonement* sa bhliain 2007 agus fuair sí ardmholadh dá bharr. Bhí páirt Susie Salmon aici sa scannán *The Lovely Bones* in 2009. Is aisteoir sármhaith í Saoirse agus téann a lán daoine go dtí an phictiúrlann chun í a fheiceáil.



**Saoirse Ronan**

**1.** Cathain a rugadh Saoirse Ronan?

- Rugadh Saoirse Ronan i Meiriceá ar an 12 Aibreán 1994.
- Rugadh Saoirse Ronan ar an 12 Aibreán 1994.

**11 mharc**

**2.** Cén pháirt a bhí aici sa scannán *The Lovely Bones*?

| | |
|---|---|
| Briony Tallis | |
| **Susie Salmon** | √ |
| Sassy | |

**7 marc**

**3.** Cén bhliain ar ghlac sí páirt sa scannán *Atonement*?

| | |
|---|---|
| **2007** | √ |
| 2009 | |
| 1994 | |

**7 marc**

| ROINN III | CEAPADÓIREACHT | (80 marc) |
|---|---|---|

**FREAGAIR GACH CEIST.**

## CEIST 4. (25 mharc)

**An Tasc – Cárta Poist a scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) Leagan Amach : (8 marc)**

- Beannú 2 mharc
- Síniú 2 mharc
- Ainm an tseolaí 2 mharc
- Seoladh 2 mharc

**ii) Tagairtí:** 4 thagairt do théacs an phictiúir (2mharc x 4 = 8 marc) **= 8 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide** = **4 mharc**

**iv) Cumas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 4 = 25 mharc**

Féach ar an bpictiúr thíos.

**LAETHANTA SAOIRE COIS LOCHA**



Is tusa duine de na déagóirí sa phictiúr thuas agus tá tú ar laethanta saoire le do mhuintir san áit seo.
Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 120 + 25 | = | 145 |
|---|---|---|---|

**CEIST 5.** **(25 mharc)**

**An Tasc – Teachtaireacht Ríomhphoist a Scríobh**

Tá **ceithre chuid** sa mharcáil anseo:

**i) An Cuireadh:** **= 7 marc**

- Má tá sé soiléir go bhfuil an cuireadh ann bronntar an 7 marc.
- Muna bhfuil sé soiléir bronn dais/fleiscín/stríoc.

**ii) Tagairtí:** (3 thagairt ag teastáil: 3 mharc x 3 = 9 marc) **= 9 marc**

**iii) Cumas Cumarsáide:** = **4 mharc**

**iv) Cumas Gaeilge:** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 5** **= 25 mharc**

Léigh an **fógra** seo.

# FÓGRA

**Páirc Mharlaí, Baile Átha Cliath**

## Green Day



**Dé Céadaoin 23 Meitheamh 2010**

Ba mhaith leat dul go dtí an cheolchoirm seo le do chara. Scríobh **teachtaireacht ríomhphoist** chuici ag iarraidh uirthi (ag tabhairt **cuireadh** di) dul go dtí an cheolchoirm leat.
**N.B.** Is tusa **Eoin** *nó* **Deirdre**.

**CEIST 6.** Freagair (a) *nó* (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag **Lá Spóirt na Scoile**.
Tá tú chun alt gearr a scríobh in 'Iris na Scoile' faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.
**An Tasc – Alt a Scríobh**

Tá **trí chuid** sa mharcáil anseo:


**i) Tagairtí:** (ceithre thagairt: 4 x 5 mharc = 20 marc) **= 20 marc**

**ii) Cumas Cumarsáide** **= 5 mharc**

**iii) Cumas Gaeilge** **= 5 mharc**

**An t-iomlán do Cheist 6 (a)** **= 30 marc**

**LÁ SPÓIRT NA SCOILE**




**ALT**



| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | 170 + 30 | = | 200 |
|---|---|---|---|

***NÓ***

**(b)** Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i **siopa leabhar** i do cheantar.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa siopa leabhar.
**Nóta**: Is tusa Seán de Paor nó Edel de Paor.
**An Tasc - An Fhoirm Iarratais a chomhlánú**
Tá **dhá chuid** sa mharcáil anseo:

| | |
|---|---|
| **i) An t-eolas cuí** | **= 25 mharc** |
| **ii) Cumas Gaeilge** | **= 5 mharc** |
| **An t-iomlán do Cheist 6 (b)** | **= 30 marc** |

## SIOPA LEABHAR

**Foirm Iarratais**

| | |
|---|---|
| Ainm: | **2 mharc** |
| Seoladh: | **2 mharc** |
| Aois: | **2 mharc** |
| Dáta Breithe: | **2 mharc** |
| Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? | **2 mharc** |
| An bhfuil an Teastas Sóisearach déanta agat? | **2 mharc** |
| Cad é an t-ábhar scoile is fearr leat? | **1 mharc** |
| An raibh tú ag obair i siopa roimhe seo? | **1 mharc** |
| Luaigh dhá chaitheamh aimsire atá agat. | **2 mharc** |
| Ainmnigh leabhar maith a léigh tú le déanaí. | **1 mharc** |
| An féidir leat ríomhaire a úsáid? | **1 mharc** |
| An maith leat bualadh le daoine? | **1 mharc** |
| Cén lá den tseachtain ba mhaith leat a bheith saor? | **1 mharc** |
| Cathain a bheidh tú sásta tosú ag obair sa siopa? | **1 mharc** |
| Cén t-am ba mhaith leat críochnú gach lá? | **1 mharc** |
| An bhfuil cead faighte agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair i siopa? | **1 mharc** |
| Síniú: | **1 mharc** |
| Dáta: | **1 mharc** |
| **CUMAS GAEILGE** | **5 mharc** |

| | |
|---|---|
| **Eolas (7 x 2) + (11 x 1)** | **= 25 mharc** |
| **Cumas Gaeilge** | **= 5 mharc** |
| **Iomlán** | **= 30 marc** |

**MÓRIOMLÁN**

| Don scrúdaitheoir Iomlán reatha → | **200** + **40** | = | **240** |
|---|---|---|---|